



FICHE

COLM Ó CEALLACHÁIN

An Chéad Eagrán 2024
© Colm Ó Ceallacháin, 2024

Eagrán clóite: ISBN 978-1-913814-64-9
Eagrán digiteach: ISBN 978-1-913814-69-4

Tá an t-údar buíoch den Chomhairle Ealaíon as
an sparánacht a bhronn siad air agus é i mbun pinn.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo
a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí,
bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh
nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, ealaín agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí CL



Foras na Gaeilge

Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil don fhoilseachán seo.



Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgid do Leabhar Breac.

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com 091-593592

Cuid a hAon

1

Éist. In uair mharbh na hoíche, tá coiscéimeanna le cloisteáil ar fud dhorchlaí an ospidéal. Coisíocht Mharcais, agus é ar seachrán. Siar is aniar leis, ar thóir an bharda, ach gan éinne sa tslí air. Is ag an am seo is ea is fearr leis dul ar cuairt chuig a athair, gan ar dualgas san áit ach banaltra nó dhó atá róghafa lena gcúraimí féin le sléachtadh roimhe siúd. Ní raibh sé riamh ar a chompord leis an urraim a tugadh dó. Ní bheadh gradam ar bith bronnta air, mar is eol dó go maith, murach a athair.

De thaisme, ar chasadh an choirnéil dó, tagann sé ar dheasc na n-altraí ag ceann an bharda. Ag teacht ina ghaobhar dó, feiceann sé go bhfuil Mairéad ina suí taobh thiar den deasc agus í cromtha ar thuairisc éigin. Ise an t-altra is sinsirí a oibríonn ar sheal na hoíche agus tá aithne mhaith curtha ag Marcas uirthi faoi seo. Ní chuireann sí fiacail ann agus í ag plé shláinte a athar leis, murab ionann is na dochtúirí, ar leasc leo drochscéal ar bith a roinnt leis.

‘Ó,’ arsa Mairéad, nuair a thaibhsíonn sé os a comhair amach. ‘Níor chuala mé ag teacht thú in aon chor.’

‘Ná cuireadh sé sin inní ort. Conas atá an Ginearál?’

‘Compordach.’

‘Níor tháinig biseach air go fóill, mar sin?’

‘Níor tháinig.’

‘Tá sé tagtha slán as an stróc, mar sin féin.’

‘Bhí an t-ádh air.’

‘Bhí, agus beidh an t-ádh dearg air mura n-aithneoidh sé éinne dá mhuintir ina dhiaidh.’

Croitheann Mairéad a guailí, ag cur in iúl dó go bhfuil dualgaisí eile aici agus nach mian léi na ceisteanna seo a phlé leis níos mó. Tá ceist amháin eile aige, áfach.

‘Níl téarnamh i ndán dó, an bhfuil?’

Croitheann sí a guailí arís.

‘Tá sé compordach,’ ar sí.

Briseann a leamhgháire ar Mharcas agus gabhann sé buíochas léi. Níl sé imithe i bhfad thairsti nuair a chloiseann sé a guth arís, agus í ag cur forráin air.

‘Tá do bhean chéile istigh i seomra d’athar.’

Scaoileann sé eascaine amach faoina fhiacra. Ródhéanach anois le casadh ar a sháil, agus é ar leac an dorais.

‘Go raibh maith agat,’ ar sé go ciúin.

Ag tarraingt a anála dó, osclaíonn sé an doras.

Leagann sé lámh ar lámh fheoite a athar, ach ní fhágann sé ann í. Í chomh fuar leis an mbás. Amharcann sé ar a aghaidh ansin. Masc trédhearcach ocsagaine á clúdach, a chneas mílíteach le sonrú faoi. Ní chaitheann sé súil i dtreo Cháit nó go mbíonn sé féin ina shuí trasna na leapa uaithi, cé go mbraitheann sé a súile siúd air an t-am ar fad. É as láthair le

seachtain anuas, agus gan rún aige filleadh abhaile go ceann lá nó dhó fós. Nuair a labhraíonn sé léi, bíonn air a ghuth a ardú thar ghlothar an tanc ocsagaine.

‘Bhuel, a chroí, nach deas tú a fheiceáil anseo?’

Leanann sí uirthi á iniúchadh, ach gan focal aisti go fóill.

‘Cad a thug isteach tú an t-am seo d’oíche?’ ar sé léi. ‘Nach bhféadfá codladh?’

‘Ní tusa ná do theacht is d’imeacht a chuireann ó chodladh na hoíche mé, pé ar bith é. Níl dearmad déanta agat ar chruinniú na Comhairle, an bhfuil? Dé Máirt seo chugainn?’

‘An diabhal Comhairle. Is trua nach féidir leatsa freastal uirthi i m’áit. Ba mhó riamh do shuim i gcúrsaí stáit. Beidh Donnchadh ann, is dócha?’

‘Beidh, gan amhras.’

‘Agus gan an “Dia dhuit” féin aige domsa. Nach labhrófá leis, a Cháit? Is olc an scéal é agus gan é in ann beannú dá athair, os comhair an phobail ach go háirithe.’

Ní thugann sí aon aird ar a chuid achainíocha, ach ceistíonn arís é faoin gcruinniú.

‘An mbeidh rud ar bith le rá agat leis an gComhairle?’

‘Faoi cén rud, go baileach?’

‘Faoi mo dhuine,’ ar sí, agus í ag claonadh a cinn i dtreo a athar, ‘agus faoin gcomharbas. Ní thig leis an tír a rialú agus é ar fhleasc a dhroma anseo. É ag foghlaim an bháis fad is a thiteann an tóin as gach uile rud mórthimpeall air. Caithfear a oidhre a cheapadh.’

‘Mise a léir-oidhre.’

‘Is ea, agus gan spéis agat, mar a deir tú féin, i gcúrsaí stáit.’

‘Nach cuma? Chomh luath agus a shíothlaíonn an seanbhuachaill scríobhfar aitheasc breá fada, á mholadh go hard na spéire, agus léifidh mé os cionn a uaighe é ar lá a shochraide. Bladar éigin faoin oidhreacht iontach a d’fhág sé le huacht againn, agus faoin ré ghlórmhar atá amach romhainn. Ní bheidh le déanamh agamsa ach é sin ar fad a léamh amach agus beidh gach rud ar ár dtoil againn arís. Tá an pobal ceansaithe, a Cháit. Nach bhfuil gach freasúra curtha de dhroim seoil ag m’athair le fada an lá?’

‘Nach beag do thuiscint ar na cúrsaí seo? Ach ní fhéadfadh tusa fiú, atá ag imeacht le haer an tsaoil, a bheith dall ar a bhfuil ag titim amach ar fud na tíre.’

‘Ar a bhfuil ag titim amach? Cad é go díreach atá i gceist agat?’

‘Na maidhmeanna, a phleota. Tá an pobal sceimhlithe, agus nuair atá scéin ar dhaoine ní heol d’éinne cad a dhéanfaidís. Caithfidh an Chomhairle gníomhú sula n-imeoidh rudaí ó smacht.’

‘An Chomhairle! Tionól na gcoillteán, iad níos craptha le haois ná mo dhuine anseo. Tá a seal siúd thart, agus é thar am í a scor. Féach cathaoirleach na Comhairle, an tAimiréal groí, atá níos críonna ná m’athair.’

‘Níl Donnchadh críonna, agus tá tacaíocht na Comhairle aige. Oidhre cuí ar a sheanathair a bheidh i nDonnchadh.’

‘Mise a aon-oidhre, a deirim.’

Tá caint na beirte acu tar éis éirí teasaí faoin tráth seo, agus suíonn Cáit siar ina suíochán anois agus í spíonta. Ritheann sruth leachta ó fheadán atá ceangailte den othar go dtí mála atá faoi bhun a leapa. Tugann Marcas faoi pholasaí nua anois. Amharcann sé go díreach ar a bhean chéile, iarracht de gháire ar a bhéal aige.

‘Nuair a fheicim do shúile ag drithliú,’ ar sé, ‘fiú le teann oilc dom, cuimhním ort agus tú i mbláth d’óige. Cad a tharla dúinn, a Cháit? Do shúile a mheall mé an chéad lá riamh, agus i bhfaiteadh na súl san thit mise i ngrá leat.’

Spréachta, éiríonn Cáit dá suíochán agus déanann ar an doras.

‘Caint san aer,’ ar sí thar a cúl siar. ‘Fág ag do chuid mná leapa í.’

Éiríonn sé féin ansin.

‘I bhfaiteadh na súl, a deirim, a thiteamar i ngrá lena chéile. Agus leath ár saoil caite ó shin i leith againn ag cothú fuatha dá chéile. Cár imigh na blianta amú orainn?’

‘Éist,’ ar sí, ach níl ceachtar acu ag éisteacht lena chéile faoi seo.

Tugann Marcas sracfhéachaint dheireanach ar a athair agus leanann sé amach an doras í.

‘Nach gceapann tú,’ ar sé léi, ‘go bhfuil Éire ag éirí ramhar?’

Tá siad i gcarrchlós an ospidéil faoi seo. Cáit ina seasamh os comhair a gluaisteáin agus í ag útamáil lena cuid eochracha, Marcas taobh léi agus gan fonn air í a fhágáil go

fóill. I gcúinní dorcha an chlóis tá gardaí cosanta ina suí go foighneach ina gcuid gluaisteán féin, iad ag feitheamh ar an gcor is lú ón mbeirt seo. A thuilleadh acu ar dualgas os comhair dhoirse an ospidéil.

‘Céard?’ arsa Cáit go neamhaireach, agus é ag dul di an eochair cheart a aimsiú.

‘Éire, a deirim. Tá sí ag ramhrú.’

Amharcann sí air, stuaic uirthi.

‘Cad sa diabhal atá i gceist agat?’

‘Féach.’

Os a gcomhair amach, lámh le geata an ospidéil, tá comhartha mór ar crochadh.

‘Éire,’ atá scríofa go mórtasach ar an gcomhartha, ‘an fichiú hoileán is mó ar domhan.’

Cuid den fheachtas is déanaí é, cumtha ag saoi éigin sa Roinn Eolais le meanma an phobail a ardú.

(Roinn Eolais? Rannóg na bolscaireachta i bhfocail eile, mar a gcaitheann an saoi thuasluaite agus mórán eile mar é a ndua agus iad ag cruthú dea-scéalta don phobal)

Faoi bhun an mhana tá an dá fhigiúr ‘2’ agus ‘0’ greanta san adhmaid, agus faoina mbun siúd arís tá léarscáil na tíre le feiceáil. Ina threo san a shíneann Marcas a mhéar anois.

‘An choim sheang a bhíodh ar Éirinn tráth, idir Baile Átha Cliath agus Cuan na Gaillimhe, féach anois í. Tá an tseanbhean bhocht ag titim chun feola, is baolach.’

‘An bhfuil tú imithe glan as do mheabhair ar deireadh?’

‘Lándáiríre atáim. Tú féin a luaigh go bhfuil an domhan

curtha as a riocht ag na maidhmeanna. Ní haon ionadh dá mbeadh toirt na tíre méadaithe ag na maidhmeanna céanna san. Ar thaistil tú an bóthar go Gaillimh le déanaí? Tá a dhá oiread curtha leis an turas, in ainm Dé.’

Chroith sé a cheann go mall roimh leanúint ar aghaidh dó.

‘Cé a cheapfadh go mbeadh toradh le tincléireacht ár mic, a Cháit? Go mbeadh sé in ann am agus spás a chur as a riocht.’

‘Níl baint ar bith ag Donnchadh leis an ngnó seo.’

‘Ach níl an aimsir istigh léi féin, a deirim leat.’

‘Mura bhfuil anois, is ar d’athair atá an locht.’

‘Ar m’athair?’

‘Aige siúd amháin atá an cumas na seanlaethanta a chur ar neamhní. Cuimhnigh ar a chuid iarchomrádaithe, iad siúd a cuireadh chun báis thar na blianta nuair a chaill siad a fhabhar. Cá bhfuil a dtuairisc siúd inniu? Díbeartha atá siad, glanta as cuntas na staire amhail is nárbh ann dóibh riamh. Agus mura leor san duit mar chruthúnas ar thionchar an Ghinearáil ar chúrsaí aimsire, cuir ceist ar Antaine, do sheanchara scoile. Is cuimhin leat Antaine, nach cuimhin?’

Ar chloisteáil seo do Mharcas, tagann tost air. Agus tagann Cáit, ag an am céanna, ar an eochair cheart faoi dheireadh.

‘Má tá an aimsir á lúbadh,’ ar sí, ‘is ar d’athair atá an locht.’

Isteach sa charr léi, ach sula ndúnann sí an doras filleann

a urlabhra ar Mharcas. Díreach in am don bhuille scoir.

‘Ná fan i do shuí dom, a thaisce,’ ar sé léi. ‘Ní dócha go mbeidh mé sa bhaile anocht.’

Plabann sí an doras air, cuireann an eochair san adhaint agus imíonn léi gan focal eile aisti. Ina diaidh aniar, tagann gluaisteán de chuid na ngardaí, é á leanúint amach an geata go mall. Fanann Marcas ina staic nó go n-imíonn an dá ghluaisteán as amharc air, agus siúlann sé i dtreo a ghluaisteáin féin ansin. I seomra a athar, sileann braon eile isteach sa mhála.

2

Tá an Ginearál ag fáil bháis. I mí Lúnasa 1979, agus é ag ceiliúradh cúig bliana agus leathchéad i gceannas na tíre, tá sé ag saothrú an bháis. Níor scaoileadh an rún san lena ghéillsinigh go fóill mar go bhfuil an fear bocht ina chnámh spairne ag a mhuintir agus gan fiú cloch curtha ar a charn. Idir Marcas, a aonmhac (an Maorghinearál, chun a theideal ceart a thabhairt dó (cé annamh an éide á caitheamh aige)), agus a mhac siúd Donnchadh (an Briogáidire-Ghinearál (an rud céanna, lúide maisiú nó dhó ar a chuid éide siúd (ach go gcaitheann seisean a chuid éide níos minice ná a athair))), tá deighilt ag fás. Marcas, mar a mhaíonn a bhean chéile, ag imeacht le haer an tsaoil, ach gealladh faoi Dhonnchadh. In ord agus smacht a chuireann Donnchadh a mhuintir, dála a dhaideo, an lámh láidir mar uirlis aige agus é i mbun a ghnó.

Tá tacaíocht an Aimiréil aige, cathaoirleach na Comhairle, agus is í an Chomhairle, faoi láthair, atá ag rialú na tíre. Ginearáil, aimiréil, briogáidire-ghinearáil, maorghinearáil — gach éinne acu agus a chuid suaitheantais ag lonrú mar ghathanna gréine ar a bhrollach. Ní haon ionadh go bhfuil mearathal ar phobal na tíre. Agus mar bharr ar gach donas tá maidhmeanna, pé ar bith rud iad san, ag briseadh amach ar fud an bhaill. Cén phleidhcíocht a bhí ar bun ag Donnchadh, dar lena athair, leis an aimsir a chur as a riocht? Cén praiseach atá déanta aige d'am agus de spás?? Cad sa diabhal atá ag titim amach in aon chor???

Ar an drochuair ní féidir na cúrsaí san a phlé go hoscailte. Bliain is an am seo a thosnaigh sláinte an Ghinearáil ag dul ar gcúl, agus bliain ó shin freisin a ritheadh Acht Cosanta an Phobail. Cúis bhróin í meath an Ghinearáil (an Ginearál ag meath? Fear a sheas an fód ina aonar i gcoinne colúin d'arm Shasana ar shráideanna Bhaile Átha Cliath in 1916 (cf. Imleabhar I, Stair Oifigiúil an Stáit, Caibidil 14 agus 15)? Fear a chuir an ruaig ar na Dúchrónaigh as contaetha iomlána (cf. Imleabhar II, Stair Oifigiúil an Stáit, Caibidil 27)? An fathach fir san ag meath? Deacair é a chreidiúint), ach ábhar dóchais é gur i lámha na Comhairle atá stiúir na tíre anois. Is den damhna céanna iad baill na Comhairle agus an Ginearál. Nach bhfuil cluas Dhonnchaidh acu tar éis an tsaoil, garmhac an Ghinearáil féin? Fir dhiongbháilte iad baill na Comhairle, fir nach ngéillfidh puinn do na fórsaí atá ag creachadh na tíre faoi láthair. Cén dochar má tá srian

beag curtha ar shaoirse na ndaoine de bharr Acht Cosanta an Phobail? An é go bhfuil rud éigin á cheilt agat? Leabhar faoin leaba atá ar an liosta toirmisce? Ceol mí-oiriúnach á chasadh ar do raidió agat? Nach bhfuil seantaithí againn faoin tráth seo ar riar docht an stáit? Doirse á mbriseadh i lár na hoíche, saoránaigh á ngabháil agus á gcur faoi ghlas nó (a deirtear) á gcur den saol (gan iad a bheith curtha ar a dtriall roimh ré, is fíor, ach a chonách san orthu — caithfidh gur dhein siad rud éigin as bealach). Is neafaiseach iad cumhachtaí an achta nua i gcomparáid leis an smacht a cuireadh orainn ó thús ré an Ghinearáil. Cuir srian ar do theanga mar sin, mar cá bhfios cé a bheadh ag cúlústeacht le do chuid glaonna gutháin. An strainséir san sa tigh tábhairne lenar scaoil tú do racht, an bhfuil seisean anois ag scríobh tuairisce ar ar thit amach? A raispín mhíbhúioch, fainic nach sa phríosún a chríochnaíonn tú, dála go leor eile ded' leithéidí. Bí ar d'airdeall! Ná ligimis ár scíth go dtí go mbeidh gach sceimhlitheoir cloíte. Bíodh gach duine againn ina spaire, fiú ina thigh féin. Bíodh gach tigh ina thúr faire. Agus mura leor san, cuirfear spaire go gach coirnéal sráide agus tógfar túr faire ag gach gabhal sa bhóthar.

3

Lá saoire bainc Lúnasa ar Aibhinne Aibreán a Deich (Sráid Uí Chonail mar a bhí ar dtús (Sráid Sackville mar a bhí ar dtús, ar dtús)). An radharc ó dheas — scuaine carranna agus

gan corr astu, iad ag síneadh trasna na Life i dtreo Sheó na gCapall i nDroichead na Dothra. An radharc ó thuaidh — scuaine carranna agus gan corr astu, iad ag síneadh ... cá bhfios cá fhad. Chomh fada, b'fhéidir, leis na limistéir choiscthe. (Limistéir choiscthe? De réir fhoráil 17 d'Acht Cosanta an Phobail, 1978, sainmhínítear limistéar coiscthe mar cheantar ina bhfuil sé toirmiscthe ar an ngnáthphobal cuairt a thabhairt air, ar mhaithe lena sábháilteacht féin (dar leis na húdaráis). Maidhmeanna (dar leis na húdaráis) is siocair le formhór na limistéar seo) (Maidhm? De réir fhoráil 21 d'Acht Cosanta an Phobail, 1978, sainmhínítear maidhm mar scoilt gan choinne in am agus i spás (stolladh, más mian leat, in uige na síoraíochta). Folús gan tús gan deireadh is ea gach maidhm (dar leis na húdaráis), rud atá ag titim amach níos minice ná riamh anois (dar leis na húdaráis) agus gan míniú sásúil ag éinne ar a bhfuil ar bun)

Lá saoire bainc Lúnasa ar Aibhinne Aibreán a Deich. Lá dár saol. An trácht ina lánstad, marbhtheas mar bhrat os cionn na hardchathrach. I gcúl an ghluaisteáin, ligeann Marcas osna. Ar a shlí abhaile dó, agus gan tuairisc ag éinne air le dhá lá nó trí. É ar an drabhlás le stáir. Póit air. Ar éigean a chuirfidh a easnamh as do Cháit, ach casfaidh sí leis é, mar sin féin. Tá sciolladh teanga i ndán dó, tuigeann sé. Bainfidh sí an craiceann is a luach de, cé beag a luach san ina súile siúd. Baolach iad na babhtaí macnais seo do Mharcas, go háirithe anois agus Cáit ag brú Donnchadh chun cinn, ach is den riachtanas iad. Bheadh sé imithe glan as a

mheabhair i bhfad ó shin, ag cúrsaí teaghlaigh agus cúrsaí stáit, murach an bealach éalaithe seo a bheith aige. Is den riachtanas iad, murach an phóit a leanann iad.

‘Nach féidir leat an bonnán a bhualadh, a Éamainn,’ ar sé lena thiománaí, ‘chun go ngéillfí slí dúinn?’

‘Fiú dá dtarraingeoinn mo ghunna amach ní scarfadh an trácht seo romhainn,’ ar seisean. ‘Cá rachaidís?’

B’fhíor dó. D’fhéach Marcas amach an fhuinneog. Gluaisteáin go dlúth lena chéile, ó cheann ceann na sráide. Gardaí armtha le feiceáil gach cúpla coiscéim den slí, gnúis gach coisí á hiniúchadh go grinn acu agus iad ag siúl thar bráid. Páipéir á lorg ar a leath acu siúd. A thuilleadh acu i gceangal cheana féin, iad ag feitheamh go dobrónach ar an síob a thabharfadh go dtí an stáisiún iad. An pobal ceansaithe agus an trácht ina thranglam. Ní raibh leigheas ag Marcas air ach suí siar, a scíth a ligean, agus lán a dhá shúl a bhaint as an radharc.

Aibhinne Aibreán a Deich, Sráid Uí Chonaill mar a bhí. Cén t-éacht a rinne an seanbhuachaill ar Aibreán a Deich le gur athbhaisteadh an tsráid ina onóir? Nó cén diabhal bocht a chéas sé an lá san? Anseo fiú, i lár na hardchathrach, níl éalú ag Marcas ó ghníomhartha a athar. Ná óna íomhá. Díreach taobh leis an ionad ina bhfuil a ngluaisteán sáinnithe atá dealbh a athar. Dá bhuíochas, casann Marcas ina treo agus feiceann súile fuara a athar agus iad ag amharc anuas go díomasach ar dhealbh an Fhuascailteora. Ag meabhrú dó

go bhfuil a ré siúd thart. Léann Marcas an tiomnú atá greanta in íochtar na deilbhe ansin. ‘Curtha suas le buíochas ag muintir na hÉireann.’ Sách ráite. Is iad na manaí atá ar crochadh ó gach cuaille lampa, áfach, a mheabhraíonn do Mharcas go bhfuil ré nua tagtha. ‘An fichiú hoileán is mó ar domhan’ a fhógraíonn cuid acu, ‘20’ lom atá breactha ar a thuilleadh acu. ‘Cuir do mhuintir sa Ghinearál.’ ‘20.’ ‘Féinsmacht agus Tírghrá.’ ‘20.’ ‘Bíodh bród ar an nGinearál asat.’ ‘20.’ *‘Disco Sucks.’ Disco sucks?* Mana nua é sin, ceann nach bhfuil feicthe ag Marcas go dtí seo. Os ard, foghraíonn sé na focail aduana.

‘Disco sucks.’

Cé nach ag labhairt go díreach leis a bhí Marcas, tugann Éamann freagra air mar sin féin.

‘Do mhac a tháinig ar an mana áirithe san,’ ar sé, ‘tar éis dó cuairt a thabhairt ar na Stáit le déanaí. Tá sé ina raic thall de bharr an cheoil áirithe seo. Daoine ar a shon, a thuilleadh ina éadan.’

‘Iad ag spairn faoi stíl cheoil?’

‘Sin é. Tá ceol dioscó tagtha abhus chugainn féin faoi seo, ar ndóigh, mar a thagann gach uile rud a eascraíonn sna Stáit. Bhí daoine ag dul le báiní sna hallaí rince i rith an tsamhraidh nó gur chuir do mhac cosc orthu. Measann sé nach bhfuil an ceol san fearúil a dhóthain d’aos óg na tíre. Ag dul i maoithe a bhí na fir, dar leis, nó gur dhún sé na dioscónna.’

‘Ag fearadh cogaidh ar cheol atá sé anois, an ea? É féin atá ag dul le báiní, más ea.’

Ar phointe na boise, faoi mar a bheadh sí ag feitheamh ar a huain, siúlann bean amach as an nGresham. Casann súile na beirte acu ina treo, mar a chasann súile gach tiománaí atá sáinnithe sa tranglam trácht. Aisling dheireadh samhraidh agus í ag taibhsiú as ceobhrán na sceithphíopaí. Trasna na sráide léi, í ag sníomh idir na carranna, leoithne bhog ag baint an corraí is lú as na nóiníní atá ina phatrún ar a gúna. Í beag beann ar shúile an chomhluadair, beag beann ar gach uile rud ach ar bhrí agus neart a beatha féin. Ansin, chomh gasta is a thaibhsigh sí, éalaíonn sí as amharc taobh thiar de dhealbh an Ghinearáil. Fághtar Marcas faoi ghruaim. Samhlaítear dó nach fada nó go mbeidh sé féin ag meath chomh sciobtha lena athair. A chuid mianta, a shonas, ribí a chuid gruaige, imeoidh siad ar fad le sruth. Ar ámharaí an tsaoil tosnaíonn an trácht ag bogadh anois, agus níl radharc níos mó aige ar dhealbh a athar.

‘Ní fada ár gceann scríbe uainn,’ arsa Éamann leis.

‘Dúirt tú é, a chomrádaí. Ní fada eile é.’

4

Tar éis dó Marcas a fhágáil ag an bpríomhdhoras, lean Éamann ar aghaidh go cúl an tí. Pháirceáil sé an Mercedes sa gharáiste, taobh le Range Rover Cháit. Siar go cúl an gharáiste leis ansin nó gur chaith sé súil ar an ngairdín. Plásóg fhairsing dhea-chóirithe agus í ag titim, céim ar chéim, le fána. Bhí lochán suite ag a bun ar fad, é maisithe ag fuarán ornáideach.

Feadh na slí síos bhí toir anseo is ansiúd, gach ceann acu pioctha néata, ach thug Éamann faoi deara anois go raibh néal gaile ag éirí in airde os cionn ceann díobh. D'éalaigh sé síos ina threo, agus ag gliúcaíocht trí na craobhacha dó, chonaic sé go raibh fear ar an taobh thall agus é ar a chorrighob. É meánaosta maol, é tite chun feola, é ag tarraingt go craosach ar thoitín. Ós rud é go raibh cúl an fhir le hÉamann bhí seisean in ann druidim ina leith gan é a bheith tugtha faoi deara aige, agus ar a theacht chomh fada leis thug sé sonc sa droim dó a d'fhág sínte ar an bhfear é.

‘Focan amadán,’ ar sé ar éirí ar a ghlúine dó, é ag smúrthacht san fhéar do nuta an toitín ag an am céanna.

Phléasc Éamann amach ag gáire.

‘Ar mhaithe leat féin a rinne mé é, a Phaddy. Dá mbéarfadh bean an tí ort agus tú ag caitheamh tobac ar a móinéar álainn, d'íosfadh sí beo thú. Nach bhfuil a fhios agat go gcuireann an deatach isteach ar fhás na mbláthanna seo go léir?’

‘Léan ar a cuid bláthanna, agus léan uirthi féin. Ní bhfuair mé nóiméad suaimhnis i rith an deireadh seachtaine ar fad ach mé á giollaíocht ó shiopa go siopa ar nós sclábhaí. Í i mbun an ghnó chéanna ar maidin, fiú amháin, agus an lá in ainm is a bheith ina lá saoire.’

‘Ní ghlacann bean an tí saoire riamh, a Phaddy. Ba cheart go mbeadh a fhios san agat faoi seo. Bhuail taom siopadóireachta í, an ea?’

‘Abair é. Sa teas damanta seo, an gcreidfeá é, agus lán

málaí dá cuid gúnaí agus dá cuid seodra á n-iompar faoi m'ascaill agam, nó á lódáil sa Range Rover di le go gceannódh sí a thuilleadh truflaise. Mise, atá ag saothrú go dúthrachtach don Bhrainse le fiche bliain anuas agus gan de thoradh ar mo sheirbhís ach go bhféachtar orm mar mhaidrín lathaí dá leithéidí siúd.'

'Cad leis a raibh tú ag súil, a Phaddy? Deireadh seachtaine fada roimpi, agus fear an tí as láthair. Caithfidh sí an t-am a mheilt i mbealach éigin. Téanaimis. Tá na gluaisteáin ag feitheamh orainn.'

Thug Éamann aghaidh ar an ngaráiste agus, tar éis dó nuts an toitín a chur ina phóca, lean Paddy suas é.

'Conas mar a bhí cúrsaí agat féin?' ar sé le hÉamann, ar shroicheadh an gharáiste dóibh. 'An raibh Marcas á iompar féin?'

'Níor bhog sé amach as árasán Bhláithín i rith an deireadh seachtaine ar fad. Ag dul in olcas atá sé ó thaobh na mban de.'

Líon Éamann buicéad le huisce, dhoirt steall ghallúnaí ann, agus tar éis dó searradh a bhaint as féin d'iompaigh sé ar a chompánach.

'Ar cheap tú riamh, a Phaddy, agus a bhfuil de bhlianta curtha isteach againn ag saothrú ar son an stáit, go mbeadh sé de dhualgas orainn carranna na n-uasal a ní i ndeireadh ár seala?'

Sular thug sé freagra, thum Paddy ceirt sa bhuicéad, d'fháisc í, agus d'oscail cúldoras an Mhercedes.

'Táim cinnte de rud amháin, ar chuma ar bith. Ní

ramallae Mharcais a bheadh á ghlanadh agam de chúlsuíochán na cairte seo sna seanlaethanta, ach fuil agus inchinn ghéibheannaigh éigin. Nach iomaí bastard bocht a chuireamar i gcúl an scuadchairr thar na blianta agus nár tháinig slán as arís lena bheo?’

‘Bhí tú díograiseach i mbun do ghnó, a Phaddy.’

‘Bhíomar beirt amhlaidh, a Éamainn.’

‘Agus gan a dhath as bealach déanta ag a leath acu.’

‘Tá a fhios agam, ach cén dochar? Nár thug sé deis dúinn gach cearn den tír a fheiceáil?’

‘Thug, is dócha. An chuid riascach di, ach go háirithe. Caithfidh go bhfuil truán éigin curtha faoi gach portach sa tír againn faoin tráth seo, agus piléar i ngach uile chloigeann acu.’

‘Muisse na créatúir! Ní féidir liom tine mhóna a lasadh gan smaoineamh go ceanúil orthu.’

Bhris a ngáire ar an mbeirt acu, ach thiontaigh siad ar an obair ansin arís. Chas Éamann an raidió air, agus thosnaigh ag útamáil leis nó gur aimsigh sé stáisiún bradach dioscó. Ar feadh tamaill d’fhan siad beirt ina dtost agus iad ag éisteacht leis an gceol toirmisceithe. Go tobann, mhúch Éamann é.

‘Cad a déarfá,’ ar sé, ‘le dreas ragoibre anocht? Cuairt a thabhairt ar chlub oíche mídhleathach nó dhó.’

‘I ndáiríre?’

‘Cén fáth nach ndéanfaimis é? Ní bheidh Marcas ag bogadh amach arís ar feadh stáire, agus a raibh ar bun aige i rith an deireadh seachtaine. Tógfaimid an Merc.’